ombudsman
do leanaí
for children

20 BLIAIN

# TOSAÍONN AN TODHCHAÍ LINN

**Suirbhé leanaí ar thodhchaí na hÉireann chun ceiliúradh 20 Bliain Oifig an Ombudsman do Leanaí a chomóradh**



# Réamhrá

## Suirbhé ar Chomóradh 20 Bliain OCO

Is garsprioc mhór í an bhliain seo d'Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) agus muid ag ceiliúradh 20 bliain ó bunaíodh í in 2004. Mar atá sé le haon duine nó le haon eagraíocht, tá comóradh ócáidí tábhachtach toisc go dtugann siad orainn sos a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh ar a bhfuil romhainn agus athmheasúnú a dhéanamh ar an áit a gcaithfimid a bheith sa todhchaí. Mar a thugtar le fios le hainm ár suirbhé le fios *Tosaíonn an Todhchaí Linne*, braitheann rath ár dtodhchaí sna céimeanna a ghlacaimid inniu chun an todhchaí sin a chinntiú dár leanaí. Mar sin cé is fearr a chuirfeá ceist orthu nó iad siúd a bhfuilimid ag obair dóibh, leanaí na hÉireann, an chuma ba cheart a bheith ar an todhchaí sin agus cad ba cheart dúinne, mar chosantóirí ceart leanaí, tús áite a thabhairt dó.

Sa suirbhé seo chun comóradh 20 bliain an OCO a chomóradh, cuireadh roinnt torthaí thar a bheith tuisceanach, thar a bheith spéisiúil agus thar a bheith lom uaireanta i láthair. Insíonn leanaí dúinn go bhfuil an imní is mó orthu faoi sheirbhísí meabhairshláinte, a riachtanais tithíochta amach anseo agus an costas maireachtála; na saincheisteanna is mó atá sna pobalbhreitheanna agus atá ar leathanaigh tosaigh na nuachtán. Ach fós, ní gá go ndéileálann na daoine a bhfuil cumhacht acu leis na saincheisteanna sin mar 'shaincheisteanna leanaí', ar féidir leo, mar sin, iad féin a scaradh le tús áite a thabhairt do leanaí maidir le cinntí a bhaineann leis na míreanna móra costasacha sin.

Rud amháin a chuireann imní ar leith orm ná gur annamh a bhraitheann leanaí go n-éisteann daoine fásta; polaiteoirí agus lucht déanta beartas nó múinteoirí leo. Ní hamháin go bhfuil sé ina dhualgas orainn tuairimí leanaí a chur san áireamh i gcinntí a théann i bhfeidhm orthu faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh ach déantar beartais níos fearr agus níos éifeachtaí mar gheall air sin freisin.  Agus tá a fhios againn go bhfuil tuairimí láidre ag leanaí maidir le go leor saincheisteanna. Maidir le todhchaí an oideachais mar shampla, tá léargas an-soiléir ag leanaí ar an gcuma ba mhaith leo a bheith ar shaol na scoile. Tá siad ag iarraidh go gcuirfí níos mó béime ar fholláine na scoláirí (77%), níos mó roghanna gairmoiliúna (64%) agus ar rogha níos leithne ábhar le staidéar (60%). Is mian le formhór na leanaí a ndearnamar suirbhé orthu (59%) go gcuirfí níos lú béime ar thorthaí scrúduithe agus is mian le 75% go mbeadh níos lú obair bhaile acu. Agus leanaí ar na príomhpháirtithe leasmhara bunscoile san oideachas, cé muidne nach n-éistfimid leo?

Feicimid freisin nach bhfuil leanaí saor ón ardú imníoch atá tagtha ar an dearcadh frith-inimirceach in Éirinn agus ar fud an domhain, agus idirdhealú á dhéanamh ar 36% acu agus ciníochas a fhulaingt ag 15% acu. Tá réitigh curtha ar fáil acu maidir le conas dul i ngleic leis na saincheisteanna sin agus is léir go gcaithfimid aghaidh a thabhairt go tapa ar an bhfadhb seo atá ag ardú agus dul i ngleic léi go díreach. A mhéid a bhaineann sé leis an mbulaíocht, is cúis mhór imní é a fheiceáil go ndearnadh bulaíocht ar bheagnach leath (47%) dár leanaí agus tá sé sin mar an gcéanna thar gach aoisghrúpa, réigiún agus cé acu an bhfuil leanbh i scoil DEIS (52%) nó i scoil nach scoil DEIS í (44%). Tá a fhios againn ó ghearáin chuig ár n-oifig go bhfuil an bhulaíocht fós ina fadhb mhór i scoileanna agus tá sé sin treisithe ag an suirbhé seo. Ba chóir go soláthródh sé sin spreagadh chun brú ar aghaidh leis an obair sa réimse seo agus fíordhul chun cinn a spreagadh.

Nuair a cuireadh ceist orthu faoina saol ar líne d'inis leanaí dúinn go raibh sé ina áit spraíúil dóibh chun iad féin a chur in iúl ach dúirt os cionn 50% freisin go bhfuil imní orthu faoi shábháilteacht ar líne. Tá leanaí ina gcónaí ar líne agus tá sé de dhualgas ormsa mar Ombudsman, agus ar an Rialtas, oibriú gan stad gan staonadh lena chinntiú go mbeidh an spás sábháilte dóibh.

Tá go leor le baint againn as an suirbhé seo agus as an méid atá foghlamtha againn a bheidh mar bhonn eolais d'obair ár nOifige sna blianta atá amach romhainn. Táim tiomanta freisin dá chinntiú go ndéanfar teachtaireachtaí cumhachtacha ón1,000+ leanbh a ndearnadh suirbhé orthu dár gComóradh 20 Bliain a ghéarú chuig lucht déanta beartas sa Rialtas seo agus i Rialtais amach anseo. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na 23 scoil agus leanaí a ghlac a am as a saol gnóthach chun páirt a ghlacadh inár suirbhé. Éistfear le bhur dtuairimí agus féadann sibh a bheith cinnte go gcuideoidh siad linn lenár dtosaíochtaí a mhúnlú sna blianta atá amach romhainn.

**Dr Niall Muldoon**
Ombudsman for Children



# Modheolaíocht

*Tosaíonn an Todhchaí Linne* - Rinne an OCO, i gcomhar le Amárach Research, suirbhé leanaí ar thodhchaí na hÉireann chun ceiliúradh 20 bliain Oifig an Ombudsman do Leanaí (OCO) a chomóradh.

Ghlac 1,036 leanbh agus duine óg ó gach cearn d'Éirinn páirt ann. Bhí an suirbhé ar líne oscailte do leanaí idir 12-18 mbliana d'aois i meánscoileanna. Rinne líon beag scoláirí (7%) atá 18 mbliana d'aois agus níos sine atá fós ar scoil an suirbhé freisin.

Scríobh an OCO chuig 257 meánscoil chun cuireadh a thabhairt dóibh páirt a ghlacadh sa suirbhé; bunaithe ar scaipeadh réigiúnach, scoileanna Deis, scoileanna na scoileanna Deis iad, gaelscoileanna, scoileanna príobháideacha agus scoileanna a ghlac páirt i gceardlanna um Fheasacht ar Chearta Oideachais in OCO. Tugadh cuireadh do scoileanna freisin páirt a ghlacadh trí na meáin shóisialta agus roinneadh an suirbhé le Painéal Comhairleach na hÓige de chuid OCO. Bhí an suirbhé oscailte do gach scoláire ón mbliain 1 go bliain 6

Bhí na topaicí sa suirbhé seo bunaithe ar shaincheisteanna a d'ardaigh leanaí leis an OCO, chomh maith le roinnt de na príomh-shaincheisteanna a bhfuil an Oifig ag obair orthu. Bhí sé mar aidhm leis an suirbhé tuairimí leanaí scoile maidir le raon réimsí a léiriú: conas a mhothaíonn siad faoi bheith ina gcónaí in Éirinn sa lá atá inniu ann, oideachas, idirdhealú, ciníochas agus bulaíocht, meabhairshláinte, sábháilteacht ar líne agus úsáid na meán sóisialta, chomh maith lena gcuid tuairimí a léiriú faoi cad áit ba chóir thosaíocht OCO a dhíriú thar na 5 bliana atá amach romhainn.

Nuair a chláraigh scoil le páirt a ghlacadh sa suirbhé, bhí sé fós faoin scoláire aonair an raibh sé nó sí ag iarraidh páirt a ghlacadh ann. Bhí rannpháirtíocht na leanaí anaithnidithe agus ní fhéadfaí ach an scoil a aithint.

Cuireadh bileog eolais ar fáil do na scoláirí ag tús gach suirbhé ina raibh liosta de sheirbhísí tacaíochta don scoláire más gá. Rinneadh gach iarracht a chinntiú go raibh na ceisteanna curtha i bhfocail ar bhealach simplí agus sothuigthe do gach aoisghrúpa, agus lena chinntiú nach raibh leanaí á dtreorú nó á ngríosú chun toradh ar leith a roghnú.

Rinneadh obair allamuigh ón 29 Feabhra go dtí an 22 Aibreán 2024. Thacaigh Amárach leis an OCO le dearadh agus scriptiú an tsuirbhé, le hóstáil suirbhéanna ar líne agus le códú/anailís sonraí.

# Achoimre

## 1,036

Ghlac 1,036 ~~dalta~~ scoláire páirt inár suirbhé ó 23 scoil ar fud na hÉireann.

Rinneadh an suirbhé ón 29 Feabhra go dtí an 22 Aibreán 2024.

## 71%

Dúirt 71% de na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go bhfuil Éire go maith mar thír inar féidir le leanaí barr a gcumais a bhaint amach, agus dúirt 62% acu go bhfuil an córas oideachais an-mhaith nó go maith.

## 40%

Tuairiscíonn 40% go bhfuil tionchar maith ag caighdeán an iompair phoiblí atá ar fáil dóibh faoi láthair ar a gcaighdeán beatha, agus níor thuairiscigh 20% acutionchar diúltach.

## 60%


Ceapann 60% acu go bhfuil Éire inrochtaineacht do leanaí faoi mhíchumas agus leanaí ag a bhfuil riachtanais bhreise agus níor easaontaigh ach 14% acu leis sin.

Ar an iomlán, mothaíonn scoláirí nach bhfuil a dtuairimí á gcur san áireamh agus cinntí á ndéanamh faoi leanaí: 7% do pholaiteoirí agus do lucht déanta beartas díreach, 28% do mhúinteoirí agus do chúntóirí ranga, agus 18% do dhaoine fásta eile agus cinntí faoi leanaí á ndéanamh acu.

Is iad na príomh-shaincheisteanna do scoláirí in Éirinn:

- **Costas maireachtála (44%)**
- **seirbhísí meabhairshláinte (40%)**
- **tithíocht amach anseo (33%)**

Réimsí tábhachtacha do scoláirí a tugadh chun suntais i dtorthaí an tsuirbhé is ea meabhairshláinte agus folláine scoláirí.



# Achoimre

## Oideachas

Nuair a iarrtar orthu smaoineamh ar an gcuraclam i scoileanna amach anseo, ba mhian leis na scoláirí go mór fada go mbeadh fócas méadaithe ar fholláine fhoriomlán an scoláire (77%) agus an fócas ar fhadhbanna agus tacaíochtaí meabhairshláinte (75%), agus laghdú ar an méid obair bhaile 75%) agus béim ar scrúduithe agus torthaí scrúduithe (59%).

Tá mian mhór ann freisin do rannpháirtíocht níos mó ag scoláirí i dtodhchaí ár scoileanna agus ár gcórais oideachais, agus 83% acu ag creidiúint gur chóir go mbeadh scoláirí níos rannpháirtí i gcinntí a dhéanamh faoina scoil. Ba mhaith le breis agus 8 as 10 (81%) stíleanna foghlama éagsúla sa chóras oideachais, agus ba mhaith le 69% acu go ndéanfadh scoileanna níos mó maidir le bulaíocht.

Is iad laghdú ar obair bhaile agus béim ar mheasúnú leanúnach (25%), agus ina dhiaidh sin feabhas ar fholláine na scoláirí (22%), agus feabhas ar stíleanna teagaisc (21%) na hathruithe is mó ar chóras oideachais na hÉireann ba mhaith le scoláirí a fheiceáil chun an córas ~~as~~ fearr ar domhan a dhéanamh de.

## An Mheabhairshláinte i Scoileanna

Luann **40%** go mbainfidís leas as teiripeoir ag a scoil dá mbeadh rochtain acu orthu, agus dúirt **52%** gur dócha nach mbainfidís.

## Idirdhealú, Ciníochas agus Bulaíocht

Thuairiscigh **36%** go ndearnadh idirdhealú orthu.

Thuairiscigh **15%** de scoláirí gur fhulaing siad ciníochas.

Dúirt **47%** de na scoláirí go ndearnadh bulaíocht orthu.


## Sábháilteacht ar Líne agus na Meáin Shóisialta

Thuairiscigh **60%** acu go bhfuil siad ag roinnt codanna dá saol ar na meáin shóisialta.


Thuairiscigh **51%** de na scoláirí a ndearnadh suirbhé orthu go raibh imní orthu faoi shábháilteacht ar líne.

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi cad ba chóir a dhéanamh lena chinntiú go mbeidh leanaí sábháilte ar líne, is é an rud is mó a áiríodh oideachais do leanaí (45%), agus ina dhiaidh sin níos mó oideachais do thuismitheoirí (37%), agus a chinntiú go gcruthaíonn ardáin meáin shóisialta spásanna atá oiriúnach do leanaí (36%).


# Cé a ghlac páirt ann?




## Aois




## Bliain sa scoil



# Iomlán na leanaí a ndearnadh suirbhé orthu: 1,036


**46%**
Connacht/ Uladh

**16%**
Baile Átha Cliath

**29%**
An chuid eile de ~~Cgúige~~ Laighean

**9%**
Cúige Mumhan

**25%**
DEIS Scoil





**52%**
Nach Scoil DEIS í

**23%**
Ní fios


## C1 Conas mar a rátálfá Éire mar tír ina bhfuil leanaí in ~~a nn~~ barr a gcumais a bhaint amach?

Ar an iomlán, measann **71%** de dhaoine óga go bhfuil Éire an-mhaith nó go maith mar thír inar féidir le leanaí barr a gcumais a bhaint amach.



## C2 Déan cur síos ar Éirinn do leanaí i bhfocal amháin. Is féidir aon fhocal a bheith i gceist leis sin a dhéanann achoimre ar an dóigh a mothaíonn tú faoi Éirinn.

Nuair a iarradh orthu cur síos a dhéanamh ar Éirinn do leanaí i bhfocal amháin, d'úsáid **60% de leanaí téarmaí dearfacha agus d'úsáid 27% focail dhiúltacha.** Ba mhó seans go raibh tuairimí dearfacha ag leanaí níos óige.






Go hiontach

Spreaghadh

Fliuch

Contúirteach

Cóir !!

Ar gcúl

Craic

Éagsúil

Ina údar díomá
(seirbhísí meabhairshláinte)

Míshábháilte

Costasach

~~Ró chostasach~~

Gustalach

Strusmhar

Deas

Sona sásta
Tá eire class

Teoranta

Sábháilte

Aineolach


Eisceachtúil

Míshásta

Compoirdeach

## C3 An gceapann tú gur cheart go mbeadh vóta ag daoine óga in Éirinn ag 16 bliana d'aois?


Ceapann **39%** acu gur cheart go mbeadh vóta ag daoine óga in Éirinn ag 16 bliana d'aois.







## C4 Conas mar a théann caighdeán an iompair phoiblí atá ar fáil faoi láthair i bhfeidhm ar chaighdeán do bheatha?

Tuairiscíonn **40%** de na daoine óga go bhfuil tionchar maith ag caighdeán an iompair phoiblí atá ar fáil dóibh faoi láthair ar a gcaighdeán maireachtála, agus níor thuairiscigh acu 20% acu go bhfuil tionchar diúltach aige. Is mó i bhfad an seans go dtuairisceodh aoisghrúpaí níos sine éifeachtaí diúltacha.




**Déimeagrafaic le hAghaidh níl**


**Bliain sa scoil**




# Ag Éisteacht le Daoine Óga

## C5 An gceapann tú go gcuireann **polaiteoirí agus lucht déanta beartas** tuairimí daoine óga san áireamh agus cinntí faoi leanaí á ndéanamh acu?

Ní cheapann ach **7%** de dhaoine óga go gcuireann polaiteoirí agus lucht déanta beartas tuairimí daoine óga san áireamh agus cinntí faoi leanaí á ndéanamh acu, agus dúirt **57%** nach ndéantar sin ach go hannamh. Is mó an seans go luafadh aoisghrúpaí níos sine go hannamh.





### Déimeagrafaic le hAghaidh go hAnnamh




## C6 An gceapann tú go gcuireann **múinteoirí, cúntóirí ranga agus daoine eile** tuairimí daoine óga san áireamh sa scoil ~~ag~~ agus cinntí á ndéanamh acu faoi leanaí?

Mothaíonn **28%** de na leanaí go n-éisteann múinteoirí, cúntóirí ranga agus daoine eile leo ach mothaíonn **36%** nach n-éisteann siad leo ach go hannamh nó nach n-éisteann siad leo choíche.




## C7 An gceapann tú go gcuireann daoine fásta eile tuairimí daoine óga san áireamh agus cinntí faoi leanaí á ndéanamh acu?

Ceapann **18%** acu go gcuireann daoine fásta eile tuairimí daoine óga san áireamh agus cinntí faoi leanaí á ndéanamh acu, agus dúirt dhá oiread acu (**37%**) nach ndéantar é sin ach go hannamh.




## C8 Cad iad na fadhbanna is mó do dhaoine óga? Roghnaigh na 5 cinn is mó de réir tábhachtacha, agus 1 ar an gceann is tábhachtaí?

~~Isiad~~ costas maireachtála (**44%**), seirbhísí meabhairshláinte (**40%**), ~~agustithíocht~~ amach anseo (**33%**) na príomh-shaincheisteanna do dhaoine óga.



## C9 An gceapann tú go bhfuil Éire inrochtaineacht do leanaí faoi mhíchumas agus leanaí ag a bhfuil riachtanais bhreise (corp, céadfach nó intleachtúil)?

Ceapann **60%** de leanaí go bhfuil Éire inrochtaineacht do leanaí faoi mhíchumas agus leanaí ag a bhfuil riachtanais bhreise agus d'easaontaigh **14%** acu leis sin.



## Níos mó aonad sa scoil agus níos mó rampaí

## Níos mó iompair do leanaí faoi mhíchumas

D'fhéadfaidís a bheith níos cuimsithí sa chinnteoireacht agus roghanna eile a thabhairt isteach

Ganntanas mór gairmithe leighis agus liostaí feithimh an-fhada, ní mór é sin a réiteach chomh luath agus is féidir

**Méadaítear feasacht ar gach cineál míchumais agus níos lú deighilte**

D'fhéadfadh níos mó feasachta a bheith ann maidir le hinrochtaineacht maidir le hinrochtaineacht agus níos mó seirbhísí a bheith ar fáil do dhaoine óga. Ba cheart go mbeadh scoileanna ábalta freastal ar riachtanais aonair gach linbh.

## Réimse níos leithne saoráidí

**Méadaítear feasacht ar gach cineál míchumais agus níos lú deighilte**


**Níos mó rochtana do chathaoireacha rothaí sna bailte**

**Iompar agus agus scoileanna oiriúnach do chathaoireacha rothaí. Níos mó cúnaimh do mhíchumas intleachta**

Tús áite a thabhairt do riachtanais na leanaí. Tá easpa mhór cabhrach agus tacaíochta ar fáil maidir le haon néara-éagsúil, a bhfuil an cumas is airde acu go léir déanamh chomh maith le haon duine eile ach nach dtugtar na huirlisí cearta dóibh chun déanamh amhlaidh agus ina ionad sin caithfidh siad é a oibriú amach


## C10 Conas mar a rátálfá an córas oideachais in Éirinn?


Measann **62%** de na scoláirí go bhfuil an córas oideachais in Éirinn an-mhaith nó go maith, agus dúirt **32%** go bhfuil sé an-dona nó go dona. Dúirt níos mó scoláirí níos sin go raibh sé go dona.




### Deagrafaic le hAghaidh níl


**Bliain sa scoil**




## C11 Ag breathnú ar an gcuraclam amach anseo i scoileanna, an gceapann tú gur cheart go mbeadh níos mó nó níos lú den mhéid seo a leanas:

Mothaíonn scoláirí go láidir gur chóir go mbeadh méadú ar an bhfócas ar fholláine fhoriomlán na scoláirí agus fadhbannameabhairshláinte...




## C11 Continued

...ag mothú ag an am céanna nár chóir a oiread béime a chur ar scrúduithe agus ar thorthaí scrúduithe ná ar an méid obair bhaile a thugtar.




## C11a

Dúirt tú go gceapann tú gur cheart go mbeadh níos mó ábhar ar fáil i scoileanna. Cén t-ábhar nua ar mhaith leat a fheiceáil ar an gcuraclam?




## C11b


Dúirt tú go gceapann tú gur cheart go mbeadh níos lú ábhar ar fáil i scoileanna. Cén t-ábhar ar mhaith leat a fheiceáil bainte ón gcuraclam?





*Ní hionann suim Cheist 11a, 11b agus 100% mar gheall gur ceist ilfhreagra a bhí inti.*

## C12 Ag breathnú ar thodhchaí ár scoileanna agus ár gcórais oideachais, an gceapann tú go bhfuil níos mó nó níos lú den mhéid seo a leanas ag teastáil:


Nuair a iarradh orthu smaoineamh ar thodhchaí ár scoileanna agus ár gcórais oideachais, bhraith níos mó ná **80%** gur cheart go mbeadh na scoláirí níos rannpháirtí i gcinnteoireacht agus go mbeadh níos mó éagsúlachta i stíleanna foghlama. Chuir **69%** béim ar an ngá do scoileanna níos mó a dhéanamh maidir le bulaíocht.



# C12 Continued



## C13 Cén t-athrú ba cheart a dhéanamh ar chóras oideachais na hÉireann nó ar an gcuraclam chun an ceann is fearr ar domhan a dhéanamh de?




*Ní hionann suim Cheist 13 agus 100% mar gheall gur ceist ilfhreagra a bhí inti.*



Teanga iasachta a dhéanamh éigeantach chomh maith le hadhmadóireacht, gnó etc. sa Teastas Sóisearach

Measúnú leanúnach agus ní hamháin scrúdú ollmhór amháin ag an deireadh. Gan na hagallaimh don choláiste a bheith chomh bunaithe ar uimhreacha.

## Cuir béim ar measúnú leanúnach agus faigh reidh leis an ard teist

I bhfad níos mó béime a chur ar mheabhairshláinte leanaí agus níos mó bealaí a bheith ann inar féidir le leanaí na fadhbanna atá acu lena scoil a chur in iúl, i.e. fadhbanna leis an bhfoireann gan mothú go dtabharfar breith orthu agus go gcloisfear iad

## Fócas níos mó ar ghníomhaíochtaí cruthaitheacha

## Córais pointí athraithe

Deireadh a chur leis an obair bhaile. Rogha ábhar a dhéanamh den Ghaeilge Fócas ar scrúduithe deiridh na hArdteistiméireachta a laghdú Caiteachas agus acmhainní don scoil a mhéadú Fócas ar an teicneolaíocht a mhéadú An cosc ar úsáid fón póca ar fud na scoile a bhaint.


Deireadh a chur leis an Ardteistiméireacht agus glacadh le hardteistiméireacht iomlán nua amhail na A-leibhéil i dTuaisceart Éireann ~~laghdódh~~ sé strus, brú agus d'fheabhsódh sé ár meabhairshláinte.

Athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a ndéantar measúnuithe sa seomra ranga toisc gur féidir leo strus breise a chur ar scoláirí sa bhreis ar ghníomhaíochtaí / ábhair eile a thugann oideachas iomlán do dhuine, rud a fhágann go mbeidh an scoil éilitheach gan ghá agus a laghdaíonn an t-am scíthe do scoláirí.

## Stíleanna foghlama éagsúla chun cuidiú le gach duine foghlaim ar bhealach taitneamhach agus níos mó airde ar leanaí cumasacha.

## C14 Cad ba cheart a dhéanamh chun deireadh a chur leis an idirdhealú in Éirinn, dar leat?

Is é oideachas a chur ar dhaoine óga faoi éagsúlacht (**86%**) an réiteach is airde gan amhras chun dul i ngleic leis an idirdhealú in Éirinn.




*Ní hionann suim Cheist 14 agus 100% mar gheall gur ceist ilfhreagra a bhí inti.*



I bhfad níos mó oideachais ar an stair agus ar an bpolaitíocht atá taobh thiar d'idirdhealú agus an fáth a bhfuil focail nó iompraíochtaí áirithe maslach

Teagaisc do leanaí ó aois an-óg meas a bheith acu ar chultúir agus ar chúlraí éagsúla gach duine. San Astráil, bhí Lá Síochána acu ina ndearnadh gach cultúr a cheiliúradh ar scoil agus chaith gach duine éadaí buí!

## "Sílim nach gcuirfear deireadh leis choíche ar an droch-uair"

Is féidir an t-eolas mícheart a thabhairt do leanaí agus do mhúinteoirí nó d'fhéadfaidís a bheith aineolach faoi ábhair amhail inscne, gnéaschlaonadh, míchumas, reiligiún, náisiúntacht, cultúr agus cine. Bheadh níos mó tuisceana agus níos lú aineolais mar thoradh ar oideachas níos fearr ar na tréithe sin. Ba chóir go mbeadh rochtain ar spás sábháilte chun labhairt go macánta ar fáil dóibh siúd a ndéantar idirdhealú orthu

## Is fearr an chuimsitheacht nó gníomh a dhéanamh i gcoinne daoine fuafara

Oideachas a chur ar dhaoine faoi má dhéantar rud mar mhagadh, nach gciallaíonn sé sin go nglacfar leis mar mhagadh


## Bí deas agus cuir gach duine ar a suaimhneas

Oideachas a chur ar dhaoine faoi éagsúlacht in Éirinn agus conas meas a bheith acu ar dhaoine eile. go háirithe leanaí níos óige agus déagóirí mar is minic a fhanann an méid a fhoghlaimíonn tú mar dhuine óg ar feadh an tsaoil

Oideachas a chur ar dhaoine faoi má dhéantar rud mar mhagadh, nach gciallaíonn sé sin go nglacfar leis mar mhagadh


# C15 An ndearnadh idirdhealú ort?

Rinneadh idirdhealú ar **36%.**






## C16 Cad ba cheart a dhéanamh chun deireadh a chur leis an gciníochas in Éirinn?




*Ní hionann suim Cheist 16 agus 100% mar gheall gur ceist ilfhreagra a bhí inti.*

**Oideachas do dhaoine óga agus iarmhairtí as idirdhealú.**

~~Oideachas a cur a fáil faoi cultúr daoine eile~~

Teastaíonn taithí phearsanta ar a chéile ó dhaoine

Níos mó iarmhairtí do dhuine atá ina chiníoch

## Punish na racist daoine

Iarr ar dhaoine foghlaim faoi conas mar atá sé cónaí i dtír iomlán difriúil nuair a bhíonn craiceann daite ort

Éirigh mór le daoine, bí cineálta leo agus glac leo mar atá siad agus ní mar gheall ar dhath a gcraicinn

Sílim go gcaithfidh daoine a thuiscint gur daoine iad ag deireadh an lae agus gur chóir caitheamh le gach duine mar an gcéanna pé scéal é!

A fhoghlaim ar scoil cé chomh tábhachtach agus atá sé caitheamh le gach duine mar an gcéanna

Foghlaim faoi chúlraí eitneacha agus cultúir


Oideachas níos fearr maidir le cultúir éagsúla agus éagsúlacht ar scoil

Níos mó oideachas a thabhairt ar cúltúir éagsúla ní amháin éirineach nó an domhan thiar.

Nuair a bhaineann sé le topaicí maidir le cine agus inimirce tá easpa tuisceana ann maidir le sainghrúpaí eitneacha agus na cineálacha bacainní a bhíonn rompu sa tsochaí. Tá míthuiscintí ag daoine a deir "níor tháinig siad anseo ach chun ár ndól a fháil" agus rudaí mar sin. Má bhíonn oideachas cuí socraithe i scoileanna a bhfuil sé éigeantach nó nach bhfuil sé éigeantach freastal air a theagascann faoi chultúir agus faoi reiligiúin na ndaoine sin ó chúlraí éagsúla agus bheadh ceacht cuimsitheach faoi tairbhiúil do gach duine a bheadh páirteach ann


## C17 ⁝ Ar fhulaing tú ciníochas?

Thuairiscigh **17%** de scoláirí gur fhulaing siad ciníochas.






## C18 Cad ba cheart a dhéanamh chun deireadh a chur leis an mbulaíocht?






Cruthaítear bulaithe nuair a dhéantar bulaíocht orthu féin

Ní mór nach mbeidh sé chomh héasca sin, ní thuigeann formhór na mbulaithe nuair a théann siad thar fóir leis an magadh agus leis an mbulaíocht

I bhfad níos lú ardáin meán sóisialta

Oideachas in aghaidh na bulaíochta a thaispeánann an fhírinne agus na hiarmhairtí a bhaineann le gníomhartha den sórt sin, eascraíonn sé sin go léir ón óige agus creidim gur cheart tuismitheoirí a bheith níos cuntasaí maidir le conas a thógann siad a gcuid leanaí.

Iarmhairtí níos mó

Tuilleadh gnímh ó scoileanna

Níos mó oideachas do páistí ar scoil faoi bulaíocht


Ní mór é a dhéanamh níos éasca lena thuairisciú

Is beag duine atá cliste ón taobh mothúchánach. Má tá bealaí ann chun daoine a theagasc chun comhbhá a bheith acu go háirithe ag aois níos óige, déanfaidh sin difear mór


Ní mór do scoileanna níos mó a dhéanamh agus gníomh a dhéanamh nuair a ardaítear fadhb leo

# C19 An ndearnadh bulaíocht ort?

Tuairiscíonn **47%** de na leanaí go ndearnadh bulaíocht orthu





## Déimeagrafaic le hAghaidh tá



## C20 Dá mba rud é go raibh fadhbanna agat le do mheabhairshláinte agus go raibh rochtain agat ar theiripeoir sa scoil, an dóigh leat go mbainfeá úsáid astu?


~~**40%** of students would make use of a therapist at their school if they had access to them. **52%** say they are unlikely to.~~






## C21 An bhfuil imní ort faoi shábháilteacht ar líne?


Tuairiscigh **51%** acu go bhfuil imní orthu faoi shábháilteacht ar líne.







## C22 An roinneann tú codanna de do shaol ar na meáin shóisialta?

Thuairiscigh **60%** acu go bhfuil siad ag roinnt codanna dá saol ar na meáin shóisialta.





### Déimeagrafaic le hAghaidh tá




## C22a Cén fáth a roinneann tú codanna de do shaol ar na meáin shóisialta?

Deir **85%** de na scoláirí go roinneann siad codanna dá saol ar na meáin shóisialta le haghaidh spraoi.





## C23 Cad ba cheart a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil leanaí sábháilte ar líne?

Tá tuilleadh oideachais do leanaí (**45%**) ar an bpríomh-mholadh chun sábháilteacht leanaí ar líne a chinntiú, agus ina dhiaidh sin oideachas do thuismitheoirí (**37%**), agus a chinntiú go gcruthaíonn ardáin meáin shóisialta spásanna atá oiriúnach do leanaí (**36%**).



## C24 Cad ar cheart dúinn tús áite a thabhairt dó don 5 bliana atá amach romhainn?

Nuair a cuireadh ceist orthu faoi cad ar cheart do OCO tús áite a thabhairt dó sna 5 bliana amach romhainn, bhí brú ar scoláirí a laghdú (**47%**) ag an mbarr, agus tacaíocht do scoláirí a fheabhsú (**36%**) ina dhiaidh sin.




Le bheith ag faire amach do pháistí óga ar na meáin shóisialta, cúnamh airgeadais do cheannaitheoirí óga tí, tosaíocht tugtha don chóras cúram sláinte

Costas Marachtála in Éirinn

Díriú ar oideachas a fheabhsú agus nach mbeidh sé chomh strusmhar

leas mhuintir na tíre seo

Todhchaí leanaí sa tír seo mar gur léir go bhfuil fadhb tithíochta ann agus go bhfuil na deiseanna fostaíochta ag laghdú.

## Seirbhísí meabhairshláinte a fheabhsú

A chinntiú go bhfuil leanaí ag fás aníos i dtimpeallacht shábháilte, b'fhéidir seirbhísí a sholáthar do thuismitheoirí maidir le conas leanaí a thógáil ar bhealach níos fearr

Níos mó scoileanna inscní measctha a chruthú

~~Children's future in this country as there is a very evident housing problem and job opportunities are declining.~~

## Ardteistiméireacht nua

A chinntiú go gcaitear go measúil le leanaí atá faoi chúram an stáit agus go dtugtar na deiseanna céanna dóibh is a fhaigheann leanaí eile, go gcuirtear comhionannas agus éagsúlacht chun cinn i scoileanna agus go ndéanfaí athmhachnamh ar fhormáid na measúnuithe sa seomra ranga

Fócas ar phíosaí tábhachtacha de shaol an duine fhásta amhail agallaimh poist agus béasaíocht san ionad oibre agus fócas ar an gcóras oideachais ina iomláine a fheabhsú

Bulaíocht agus meabhairshláinte toisc go bhfuil gaol acu lena chéile

## "Cosc a chur ar obair bhaile"

## Go bhfuil gach páiste sásta

Leanaí óga a choinneáil slán ón idirlíon agus áiteanna níos coitianta ach príobháideacha a chruthú do scoláirí níos sine chun cuidiú a fháil lena meabhairshláinte. (Is comhartha soiléir é siúl isteach ag múinteoir nó i seomra ar leith nó a bheith le feiceáil ag caint leis an múinteoir céanna sin go leor uaireanta ar a bhfuil á dhéanamh agat agus laghdófar go mór leis sin an líon daoine a bheidh oscailte don smaoineamh an cuidiú sin a iarraidh.

## Seirbhísí tithíochta agus sláinte níos fearr

Deis a thabhairt do gach duine dul chuig an gcoláiste fiú mura gcáilíonn siad do dheontas nó mura bhfuil airgead acu chun táillí a íoc.

## Tithíocht níos fearr a sholáthar do mhic léinn nach bhfuil oideachas tríú leibhéal ar a n-acmhainn

"Obair bhaile a laghdú chun leibhéil struis ar ~~scoláirí chaithfidh~~ staidéar a dhéanamh a laghdú agus bheith ag faire amach tuilleadh d'fhadhbanna meabhairshláinte a d'fhéadfadh a bheith ag scoláirí"

## Níos mó scoileanna inscní measctha a chruthú

Tithíocht inacmhainne agus cóiríocht inacmhainne a chruthú do mhic léinn na hollscoile ionas gur féidir le hÉirinn dul chun cinn toisc trí dhéanamh amhlaidh rachaidh níos mó daoine chun na hollscoile toisc go bhfuil go leor daoine ag fágáil aoi láthair toisc nach bhfuil sé d'acmhainn acu Tithe ar leith a chruthú don Úcráin nó do dhaoine ag teacht isteach agus tithe ar leith a chruthú do náisiúnaigh freisin. Dearcadh níos fearr a bheith ar eachtrannaigh ag teacht isteach sa tír sna meáin chumarsáide sa nuacht




~~Ombudsman for Children's Office~~
~~Millennium House~~
52–56 ~~Great Strand Street~~
~~Dublin~~ 1
D01 F5P8

T: 01 865 6800
F: 01 874 7333
E: oco@oco.ie
www.oco.ie
@OCO_ireland


ombudsman do leanaí for children